C/2026/5291

13.10.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/5291)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LEIS AN BHFORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Pineau des Charentes'

Uimhir thagartha AE: PDO-FR-A0489-AM04 — 20.7.2026

1. **Ainm an táirge**

'Pineau des Charentes'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☑ Fíon

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír ar léi an limistéar geografach**

an Fhrainc

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta agus Bhiafhlaithis, Ard-Stiúrthóireacht Fheidhmíocht Eacnamaíoch agus Chomhshaoil na bhFiontar

6. **Cáilíocht mar leasú caighdeánach**

Measann údaráis na Fraince go gcomhlíonann an t-iarratas ceanglais Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) 2024/1143.

Is leasuithe caighdeánacha iad na leasuithe ar an tsonraíocht táirge sin mar a shainítear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143.

Ní bhaineann an t-iarratas ar leasú ar an ATFC 'Pineau des Charentes' le haon cheann de na trí chás ar leasú ar leibhéal an Aontais iad; go sonrach:

(a) níl athrú ar ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar chatagóir an táirge nó na dtáirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach i gceist leis;

(b) níl baol ann go gcuirfeadh sé an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní;

(c) níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leis.

Dá bhrí sin, measann údaráis na Fraince gur iarratas ar leasú caighdeánach é an t-iarratas.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Limistéar geografach

Tuairisc:

Leasaíodh foclaíocht na sonraíochta táirge i Roinn 1 – Limistéar geografach chun digiteáil limistéar a chur san áireamh, ar féidir breathnú uirthi anois ar shuíomh gréasáin INAO (*Institut national de l'origine et de la qualité*, an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta), agus nuashonrú Chód Geografach Oifigiúil 2025. Ní dhéanann na leasuithe sin difear do chríochú an limistéir gheografaigh.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair

Teideal

Sainaithint dáileachta talún

Tuairisc:

Scriosadh an nós imeachta um shainaithint dáileachta talún i gcás an ATFC 'Pineau des Charentes', ach tá sé fós i bhfeidhm maidir leis na hainmneacha geografacha forlíontacha 'Île d'Oléron' agus 'Île de Ré' faoin ATFC sin.

Is beag fiúntas a bhaineann leis an nós imeachta um shainaithint dáileachta talún faoi láthair chun an t-ainmniúchán a bhainistiú san fhoirm ina bhfuil sé faoi láthair, i gcomparáid leis an méid a bhí amhlaidh roimhe seo: déantar leibhéal tiomantais an oibreora i dtáirgeadh Pineau a áirithiú anois le dhá nós imeachta breise um leithdháileadh.

I gcás na n-ainmneacha geografacha forlíontacha 'Pineau des Charentes – Ile de Ré' agus 'Pineau des Charentes – Ile d'Oléron', tá údar leis an nós imeachta um shainaithint dáileachta talún mar gheall ar an ngá atá le critéir níos beaichte agus níos sainiúla i ndáil le dáileachtaí talún bhonn an ATFC 'Pineau des Charentes'.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le fíon

'Pineau des Charentes'

Uimhir thagartha AE: PDO-FR-A0489-AM04 — 20.7.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Pineau des Charentes'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **Tír ar léi an limistéar geografach críochaithe**

an Fhrainc

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 - fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear i gCuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

3. Fíon licéir

6. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

Táirge fíniúna

Fíon licéir

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Is fíon licéir é 'Pineau des Charentes' a dhéantar trí bhiotáille aosaithe lena ngabhann an t-ainmniúchán tionscnaimh 'Cognac' a chur leis an úrfhíon fíonchaor (biotáille ó bhabhta driogtha roimhe sin). Bíonn sé geal, *rosé* nó dearg; féadfar an t-ainmniúchán a fhorlíonadh leis na téarmaí 'vieux' ['sean'], 'très vieux' ['an-sean'] nó 'extra vieux' ['fíorshean'], ag brath ar an bhfad a aosaítear i gcoimeádáin darach é.

Bíonn dath idir buí na tuí agus buí órga éadrom ar 'Pineau des Charentes' geal.

Bíonn dath domhain ar 'Pineau des Charentes' dearg.

Dea-bholadh

Is minic, i gcás 'Pineau des Charentes' geal, a thagann dea-bholaithe diana chun cinn ann, ar dea-bholaithe iad a bhíonn torthaíoch (torthaí úra nó torthaí criostalaithe) agus bláthach (bláthanna bána), agus a mbíonn siollaí meala iontu.

Is minic a thagann dea-bholaithe diana de thorthaí dearga agus dubha nuabhainte, mar aon le siollaí éadroma spíosracha chun cinn in 'Pineau des Charentes' dearg. Bíonn idir dath éadrom agus dath fiúise ar 'Pineau des Charentes' *rosé*. Is minic a fhorbraíonn sé dea-bholaithe torthaíocha agus siollaí caor dearg agus torthaí foraoise.

Blas

Is mar ghreadóg is mó a óltar 'Pineau des Charentes'. Sa bhéal, cuireann sé úire agus maothlachas úrfhíona fíonchaor úir in iúl. Déantar an 'Cognac', a rannchuidíonn le tathag agus le cothromaíocht ghinearálta an táirge, a chumasc ann, a bhuí go páirteach lena aosú i gcoimeádáin darach.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

Is as biotáillí aosaithe a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh 'Cognac' acu agus as úrfhíonta a dtugtar tuairisc orthu uaireanta mar 'aigéanach' a dhéantar 'Pineau des Charentes Ile de Ré' agus 'Pineau des Charentes Ile d'Oléron'. Na biotáillí boga, torthaíocha, milse a mbíonn imir an iaidín ann, tugann siad saintréithe sonracha do 'Pineau des Charentes' ar an dá oileán sin. Is minic a thagann siollaí rósanna agus torthaí citris chun cinn in 'Pineau des Charentes Ile de Ré' agus 'Pineau des Charentes Ile d'Oléron'.

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	22
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	16
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	—
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	10
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	75

Faisnéis bhreise maidir le tréithe anailíseacha:

Comhlíonann luachanna anailíseacha neamhthuairiscithe na teorainneacha a leagtar síos le reachtaíocht an Aontais.

☑ Aon tréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

7. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

7.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáidtear chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh, srianta ábhartha maidir lena ndéanamh*

Cleachtas fíoneolaíoch

—

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Modh saothraithe

Tuairisc

Is é 2 200 planda in aghaidh an heicteáir dlús plandaithe íosta na bhfíniúnacha, agus is é 3 mhéadar nó níos lú an spásáil idir na sraitheanna. Déantar fíniúnacha a phrúnáil agus 50 000 bachlóg ar a mhéad in aghaidh an heicteáir orthu agus úsáid á baint as na teicnící seo a leanas: - prúnáil Guyot shingil nó dhúbailte, agus cána amháin nó dhá chána, agus spor amháin nó dhá spor, ar an bplanda; - prúnáil tródaim, agus trí bhachlóg ar a mhéad ar an spor. Tá toirmeasc ar an uisciú.

Tá dlús plandaithe íosta 2 800 planda in aghaidh an heicteáir ag na fíniúnacha i limistéir gheografacha fhorlíontacha ‘Ile de Ré’ agus ‘Ile d’Oléron’. Níor cheart an spásáil idir sraitheanna na bhfíniúnacha sin a bheith níos mó ná 2,70 méadar.

7.2. *Uastáirgeacht*

Gach fíon / catagóir / cineál

Fíon licéir

Uastáirgeacht

Uastáirgeacht:	52
Aonad uastáirgeachta:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál

Úrfhíon

Uastáirgeacht

Uastáirgeacht:	85
Aonad uastáirgeachta:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál

Fíon licéir ag a bhfuil ainmneacha geografacha forlíontacha

Uastáirgeacht

Uastáirgeacht:	49
Aonad uastáirgeachta:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál

Úrfhíon ag a bhfuil ainm geografach forlíontach

Uastáirgeacht

Uastáirgeacht:	76
Aonad uastáirgeachta:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

8. **Léiriú ar an gcineál nó ar na cineálacha fíonchaor óna dtáirgtear an fíon nó na fíonta**

— Cabernet Franc N

— Cabernet Sauvignon N

— Colombard B

— Côt N - Malbec

— Folle Blanche B

— Jurançon Blanc B

— Merlot N

— Merlot Blanc B

— Meslier Saint-François B – Gros Meslier

— Montils B

— Sauvignon B - Sauvignon Blanc

— Sémillon B

— Trousseau Gris G - Chauché Gris

— Ugni Blanc B

9. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach críochaithe**

1. *Limistéar geografach*

(a) Déantar buain na bhfíonchaor, táirgeadh an úrfhíona agus táirgeadh, aosú agus pacáistiú na bhfíonta licéir sna bardais a sainíodh ar dtús le Foraithne an 1 Bealtaine 1909, arna leasú, maidir le rialacháin riaracháin lena leagtar síos teorainneacha an réigiúin ag a bhfuil ceart eisiach ar an ainm 'Cognac' le haghaidh a bhiotáillí.

Cumhdaíonn an limistéar geografach críoch na 734 bhardas seo a leanas nó na codanna seo a leanas de bhardais, ar bhonn an Chóid Gheografaigh Oifigiúil mar a bhí an 1 Eanáir 2025:

— I gcás Charente (16):

Bardais iomlána (262)

Agris, Aigre, Ambérac, Anais, Angeac-Champagne, Angeac-Charente, Angeduc, Angoulême, Ars, Asnières-sur-Nouère, Aubeterre-sur-Dronne, Aunac-sur-Charente, Aussac-Vadalle, Baignes-Sainte-Radegonde, Balzac, Barbezières, Barbezieux-Saint-Hilaire, Bardenac, Barret, Bassac, Bazac, Bécheresse, Bellevigne, Bellon, Berneuil, Bessac, Bessé, Birac, Blanzaguet-Saint-Cybard, Boisbreteau, Boisné-La Tude, La Boixe, Bonnes, Bonneuil, Bors (Cantún de Charente-Sud), Bors (Cantún de Tude-et-Lavalette), Bouëx, Bourg-Charente, Bouteville, Boutiers-Saint-Trojan, Brettes, Bréville, Brie, Brie-sous-Barbezieux, Brie-sous-Chalais, Brossac, Bunzac, Cellettes, Chadurie, Chalais, Challignac, Champagne-Vigny, Champmillon, Champniers, Chantillac, La Chapelle, Charmé, Charras, Chassors, Châteaubernard, Châteauneuf-sur-Charente, Châtignac, Chazelles, Chenon, Chillac, Claix, Cognac, Combiers, Condéon, Coteaux-du-Blanzacais, Coulgens, Coulonges, Courbillac, Courcôme, Courgeac, Courlac, La Couronne, Criteuil-la-Magdeleine, Curac, Deviat, Dignac, Dirac, Douzat, Ébréon, Échallat, Édon, Les Essards, Étriac, Feuillade, Fléac, Fleurac, Fontenille, Fouquebrune, Fouqueure, Foussignac, Garat, Genac-Bignac, Gensac-la-Pallue, Genté, Gimeux, Gond-Pontouvre, Les Gours, Grassac, Graves-Saint-Amant, Guimps, Guizengeard, Gurat, Hiersac, Houlette, L'Isle-d'Espagnac, Jarnac, Jauldes, Javrezac, Juignac, Juillac-le-Coq, Juillé, Julienne, Lachaise, Ladiville, Lagarde-sur-le-Né, Laprade, Lichères, Ligné, Lignières-Ambleville, Linars,

Longré, Lonnes, Louzac-Saint-André, Lupsault, Luxé, Magnac-lès-Gardes, Magnac-sur-Touvre, Maine-de-Boixe, Mainxe-Gondeville, Mainzac, Mansle-les-Fontaines, Marcillac-Lanville, Mareuil, Marsac, Marthon, Médillac, Mérignac, Merpins, Mesnac, Les Métairies, Mons, Montboyer, Montignac-le-Coq, Montmérac, Montmoreau, Mornac, Mosnac-Saint-Simeux, Moulidars, Mouthiers-sur-Boëme, Mouton, Nabinaud, Nanclars, Nercillac, Nersac, Nonac, Oradour, Oriolles, Orival, Palluaud, Passirac, Pérignac, Pillac, Plassac-Rouffiac, Poullignac, Poursac, Pranzac, Puymoyen, Puyréaux, Raix, Ranville-Breuillaud, Reignac, Réparsac, Rioux-Martin, Rivières, La Rochette, Ronsenac, Rouffiac, Rougnac, Rouillac, Roullet-Saint-Estèphe, Ruelle-sur-Touvre, Saint-Amant-de-Boixe, Saint-Amant-de-Nouère, Saint-Aulais-la-Chapelle, Saint-Avit, Saint-Bonnet, Saint-Brice, Saint-Ciers-sur-Bonnieure, Saint-Cybardeaux, Saint-Félix, Saint-Fort-sur-le-Né, Saint-Fraigne, Saint-Front, Saint-Genis-d'Hiersac, Saint-Germain-de-Montbron, Saint-Groux, Saint-Laurent-de-Cognac, Saint-Laurent-des-Combes, Saint-Martial, Saint-Médard, Saint-Même-les-Carrières, Saint-Michel, Saint-Palais-du-Né, Saint-Preuil, Saint-Quentin-de-Chalais, Saint-Romain, Saint-Saturnin, Saint-Séverin, Saint-Simon, Saint-Vallier, Saint-Yrieix-sur-Charente, Sainte-Sévère, Sainte-Souline, Salles-d'Angles, Salles-de-Barbezieux, Salles-de-Villefagnan, Salles-Lavalette, Sauvignac, Segonzac, Sers, Sigogne, Sireuil, Souffrignac, Souvigné, Soyaux, Le Tâtre, Torsac, Tourriers, Touvérac, Touvre, Triac-Lautrait, Trois-Palis, Tusson, Val-de-Cognac, Val des Vignes, Val-d'Auge, Val-de-Bonnieure, Valence, Vaux-Lavalette, Vaux-Rouillac, Verdille, Verrières, Verteuil-sur-Charente, Vervant, Vibrac, Vignolles, Villebois-Lavalette, Villefagnan, Villejoubert, Villognon, Vindelle, Vœuil-et-Giget, Vouharte, Voulgézac, Vouzan, Xambes agus Yviers.

Bardais nach gcuimsítear ach go páirteach (2):

Moulins-sur-Tardoire, ach i gcás limistéar bhardas tarmligthe Rancogne amháin (16274) mar a bhí i mí Eanáir 2019; La Rochefoucauld-en-Angoumois, ach i gcás limistéar bhardas tarmligthe Saint-Projet-Saint-Constant (16344) mar a bhí an 1 Eanáir 2019.

— I gcás Charente-Maritime (17): *Bardais iomlána (457)*

Agudelle, Aigrefeuille-d'Aunis, Allas-Bocage, Allas-Champagne, Anais, Angliers, Angoulins, Annepont, Annezay, Antezant-la-Chapelle, Arces, Archiac, Archingeay, Ardillières, Ars-en-Ré, Arthenac, Arvert, Asnières-la-Giraud, Aujac, Aulnay, Aumagne, Authon-Ébéon, Avy, Aytré, Bagnizeau, Balanzac, Ballans, Ballon, La Barde, Barzan, Bazauges, Beaugeay, Beauvais-sur-Matha, Bedenac, Belluire, Benon, Bercloux, Bernay-Saint-Martin, Berneuil, Beurlay, Bignay, Biron, Blanzac-lès-Matha, Blanzay-sur-Boutonne, Bois, Le Bois-Plage-en-Ré, Boisredon, Bords, Boresse-et-Martron, Boscamnant, Bougneau, Bouhet, Bourcefranc-le-Chapus, Bourgneuf, Boutenac-Touvent, Bran, La Brée-les-Bains, Bresdon, Breuil-la-Réorte, Breuillet, Breuil-Magné, Brie-sous-Archiac, Brie-sous-Matha, Brie-sous-Mortagne, Brives-sur-Charente, Brizambourg, La Brousse, Burie, Bussac-Forêt, Bussac-sur-Charente, Cabariot, Celles, Cercoux, Chadenac, Chaillevette, Chambon, Chamouillac, Champagnac, Champagne, Champagnolles, Champdolent, Chaniers, Chantemerle-sur-la-Soie, La Chapelle-des-Pots, Chartuzac, Le Château-d'Oléron, Châtelaillon-Plage, Chatenet, Chaunac, Le Chay, Chenac-Saint-Seurin-d'Uzet, Chepniers, Chérac, Cherbonnières, Chermignac, Chevanceaux, Chives, Cierzac, Ciré-d'Aunis, Clam, Clavette, Clérac, Clion, La Clisse, La Clotte, Coivert, Colombiers, Consac, Contré, Corignac, Corme-Écluse, Corme-Royal, La Couarde-sur-Mer, Coulonges, Courant, Courcelles, Courcerac, Courçon, Courcoury, Courpignac, Coux, Cozes, Cram-Chaban, Cravans, Crazannes, Cressé, Croix-Chapeau, La Croix-Comtesse, Dampierre-sur-Boutonne, La Devise, Dœuil-sur-le-Mignon, Dolus-d'Oléron, Dompierre-sur-Charente, Dompierre-sur-Mer, Le Douhet, Échebrune, Échillais, Écoyeux, Écurat, Les Éduts, Les Églises-d'Argenteuil, L'Éguille, Épargnes, Esnandes, Les Essards, Essouvert, Étaules, Expiremont, Fenioux, Ferrières, Fléac-sur-Seugne, Floirac, La Flotte, Fontaine-Chalendray, Fontaines-d'Ozillac, Fontcouverte, Fontenet, Forges, Le Fouilloux, Fouras, Geay, Gémozac, La Genétouze, Genouillé, Germignac, Gibourne, Le Gicq, Givrezac, Les Gonds, Gourvillette, Grandjean, Le Grand-Village-Plage, La Grève-sur-Mignon, Grézac, La Gripperie-Saint-Symphorien, Le Gua, Le Gué-d'Alleré, Guitinières, Haimps, L'Houmeau, Île-d'Aix, La Jard, Jarnac-Champagne, La Jarne, La Jarrie, La Jarrie-Audouin, Jazennes, Jonzac, Juicq, Jussas, Lagord, La Laigne, Landes, Landrais, Léoville, Loire-les-Marais, Loiré-sur-Nie, Loix, Longèves, Lonzac, Lorignac, Loulay, Louzignac, Lozay, Luchat, Lussac, Lussant, Macqueville, Marennes-Hiers-Brouage, Marignac, Marsais, Marsilly, Massac, Matha, Les Mathes, Mazeray, Mazerolles, Médis, Mérignac, Meschers-sur-Gironde, Messac, Meursac, Meux, Migré, Migron, Mirambeau, Moëze, Mons, Montendre, Montguyon, Montils, Montlieu-la-Garde, Montpellier-de-Médillan, Montroy, Moragne, Mornac-sur-Seudre, Mortagne-sur-Gironde, Mortiers, Mosnac, Le Mung, Muron, Nachamps, Nancras, Nantillé, Néré, Neuillac, Neulles, Neuvicq, Neuvicq-le-Château, Nieul-lès-Saintes, Nieulle-sur-Seudre, Nieul-le-Virouil, Nieul-sur-Mer, Les Nouillers, Nuaillé-d'Aunis, Orignolles, Ozillac, Paillé, Pérignac, Périgny, Pessines, Le Pin, Pisany, Plassac, Plassay, Polignac, Pommiers-Moulons, Pons, Pont-l'Abbé-d'Arnoult, Port-d'Envaux, Port-des-Barques, Les Portes-en-Ré, Pouillac, Poursay-Garnaud, Préguillac, Prignac, Puilboreau, Puy-du-Lac, Puyravault, Puyrolland, Réaux sur Trèfle, Rétaud, Rioux, Rives-de-Boutonne, Rivedoux-Plage, Rochefort, La Rochelle, Romazières, Romegoux, Rouffiac, Rouffignac, Royan, Sablonceaux, Saint-Agnant, Saint-Aigulin, Saint-André-de-Lidon, Saint-Augustin, Saint-Bonnet-sur-Gironde, Saint-Bris-des-Bois, Saint-Césaire, Saint-Christophe, Saint-Ciers-Champagne,

Saint-Ciers-du-Taillon, Saint-Clément-des-Baleines, Saint-Coutant-le-Grand, Saint-Crépin, Saint-Cyr-du-Doret, Saint-Denis-d'Oléron, Saint-Dizant-du-Bois, Saint-Dizant-du-Gua, Saint-Eugène, Saint-Félix, Saint-Fort-sur-Gironde, Saint-Froult, Saint-Genis-de-Saintonge, Saint-Georges-Antignac, Saint-Georges-de-Didonne, Saint-Georges-des-Agoûts, Saint-Georges-des-Coteaux, Saint-Georges-d'Oléron, Saint-Georges-du-Bois, Saint-Germain-de-Lusignan, Saint-Germain-de-Vibrac, Saint-Germain-du-Seudre, Saint-Grégoire-d'Ardennes, Saint-Hilaire-de-Villefranche, Saint-Hilaire-du-Bois, Saint-Hippolyte, Saint-Jean-d'Angély, Saint-Jean-d'Angle, Saint-Jean-de-Liversay, Saint-Julien-de-l'Escap, Saint-Just-Luzac, Saint-Laurent-de-la-Prée, Saint-Léger, Saint-Loup, Saint-Maigrin, Saint-Mandé-sur-Brédoire, Saint-Mard, Saint-Martial, Saint-Martial-de-Mirambeau, Saint-Martial-de-Vitaterne, Saint-Martial-sur-Né, Saint-Martin-d'Ary, Saint-Martin-de-Coux, Saint-Martin-de-Juillers, Saint-Martin-de-Ré, Saint-Médard, Saint-Médard-d'Aunis, Saint-Nazaire-sur-Charente, Saint-Ouen-d'Aunis, Saint-Ouen-la-Thène, Saint-Palais-de-Négrignac, Saint-Palais-de-Phiolin, Saint-Palais-sur-Mer, Saint-Pardoult, Saint-Pierre-d'Amilly, Saint-Pierre-de-Juillers, Saint-Pierre-de-l'Isle, Saint-Pierre-d'Oléron, Saint-Pierre-du-Palais, Saint-Pierre-La-Noue, Saint-Porchaire, Saint-Quantin-de-Rançanne, Saint-Rogatien, Saint-Romain-de-Benet, Saint-Saturnin-du-Bois, Saint-Sauvant, Saint-Sauveur-d'Aunis, Saint-Savinien, Saint-Seurin-de-Palenne, Saint-Sever-de-Saintonge, Saint-Séverin-sur-Boutonne, Saint-Sigismond-de-Clermont, Saint-Simon-de-Bordes, Saint-Simon-de-Pellouaille, Saint-Sorlin-de-Conac, Saint-Sornin, Saint-Sulpice-d'Arnoult, Saint-Sulpice-de-Royan, Saint-Thomas-de-Conac, Saint-Trojan-les-Bains, Saint-Vaize, Saint-Vivien, Saint-Xandre, Sainte-Colombe, Sainte-Gemme, Sainte-Lheurine, Sainte-Marie-de-Ré, Sainte-Même, Sainte-Radegonde, Sainte-Ramée, Sainte-Soulle, Saintes, Saleignes, Salignac-de-Mirambeau, Salignac-sur-Charente, Salles-sur-Mer, Saujon, Seigné, Semillac, Semoussac, Semussac, Le Seure, Siecq, Sonnac, Soubise, Soubran, Soulignonne, Souméras, Sousmoulins, Surgères, Taillant, Taillebourg, Talmont-sur-Gironde, Tanzac, Ternant, Tesson, Thaims, Thairé, Thénac, Thézac, Thors, Le Thou, Tonnay-Boutonne, Tonnay-Charente, Torxé, Les Touches-de-Périgny, La Tremblade, Trizay, Tugéras-Saint-Maurice, La Vallée, Vanzac, Varaize, Varzay, Vaux-sur-Mer, Vénérand, Vergeroux, La Vergne, Vergné, Vérines, Vervant, Vibrac, Villars-en-Pons, Villars-les-Bois, La Villedieu, Villedoux, Villemorin, Villeneuve-la-Comtesse, Villexavier, Villiers-Couture, Vinax, Virollet, Virson, Voissay, Vouhé agus Yves.

— I gcás Dordogne (24): *Bardais iomlána (3)*

Parcoul-Chenaud, La Roche-Chalais agus Saint Aulaye-Puymangou.

— I gcás Deux-Sèvres (79): *Bardais iomlána (10)*

Beauvoir-sur-Niort, Le Bourdet, La Foye-Monjault, Granzay-Gript, Mauzé-sur-le-Mignon, Plaine-d'Argenson, Prin-Deyrançon, La Rochénard, Val-du-Mignon agus Le Vert.

Is ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta is féidir breathnú ar léarscáileanna a thaispeánann an limistéar geografach.

(b) I gcás na n-ainmneacha geografacha forlíontacha 'Ile d'Oléron' agus 'Ile de Ré' den ainmniúchán 'Pineau des Charentes', déantar na hoibríochtaí i gcomhréir leis na coinníollacha sonracha a liostaítear thíos. Ní mór na céimeanna seo a leanas a dhéanamh laistigh den limistéar geografach a d'fhormheas an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta ag cruinniú an choiste náisiúnta ábhartha an 6 Feabhra 2025: ní mór úrfhíonta agus biotáillí a dhéanamh as fíonchaora a bhuantar agus a ndéantar fíon díobh laistigh de limistéar geografach gach ainm gheografaigh fhorlíontaigh a shainítear thíos. Maidir le haosú na n-ainmneacha geografacha forlíontacha 'Ile de Ré' agus 'Ile d'Oléron' den ainmniúchán 'Pineau des Charentes', ní mór é a dhéanamh laistigh de limistéar geografach gach ainm gheografaigh fhorlíontaigh a shainítear thíos.

Cumhdaítear le limistéar geografach an ainm gheografaigh fhorlíontaigh 'Ile d'Oléron' críoch na mbardas seo a leanas, ar bhonn an Chóid Gheografaigh Oifigiúil mar a bhí an 1 Eanáir 2024:

— I gcás Charente-Maritime: *Bardais iomlána (8)*

La Brée-les-Bains, Le Château-d'Oléron, Dolus-d'Oléron, Le Grand-Village-Plage, Saint-Denis-d'Oléron, Saint-Georges-d'Oléron, Saint-Pierre-d'Oléron agus Saint-Trojan-les-Bains.

Cumhdaítear le limistéar geografach an ainm gheografaigh fhorlíontaigh 'Ile de Ré' críoch na mbardas seo a leanas, ar bhonn an Chóid Gheografaigh Oifigiúil mar a bhí an 1 Eanáir 2024:

— I gcás Charente-Maritime: *Bardais iomlána (10)*

Ars-en-Ré, Le Bois-Plage-en-Ré, La Couarde-sur-Mer, La Flotte, Loix, Les Portes-en-Ré, Rivedoux-Plage, Saint-Clément-des-Baleines, Sainte-Marie-de-Ré agus Saint-Martin-de-Ré.

10. **Nasc leis an limistéar geografach**

Catagóir an táirge fíniúna

3. Fíon licéir

Achoimre ar an nasc

I gcás 'Pineau des Charentes' is táirge é a bhfuil sé féin agus a stair ceangailte le táirgeadh na biotáille 'Cognac'. Go deimhin, is é príomhshainiúlacht 'Pineau des Charentes' go ndéantar é trí úsáid a bhaint as an mbiotáille 'Cognac', agus is suntasaí fós an nasc idir an dá tháirge ós rud é nach mór na húrfhíonta fíonchaor agus an bhiotáille 'Cognac' a úsáidtear sa táirgeadh teacht ón ngabháltas amháin.

Ar an meán, chun 'Pineau des Charentes' a tháirgeadh, is gá coibhéis dhá dháileacht talún a úsáid chun biotáille 'Cognac' a tháirgeadh agus dáileacht talún amháin chun úrfhíonta fíonchaor a tháirgeadh. Dá bhrí sin, i gcomhréir leis an saineolas a éiríonn as cleachtais stairiúla, roghnaíonn gach táirgeoir na dáileachtaí talún sin de chuid a ngabháltais arb iad na dáileachtaí talún is oiriúnaí iad chun úrfhíonta den chineál is saibhre ó thaobh siúcra de a tháirgeadh agus, an tráth céanna, déanann siad an chuid eile den limistéar dáileachta talún a fhorchoimeád chun fíonta aigéadacha a tháirgeadh a bhfuil cion íseal alcóil iontu agus atá oiriúnach chun biotáille 'Cognac' a tháirgeadh. Le teas an tsamhraidh, mar aon leis an tséimhe agus an ghrian láidir i ndeireadh an tséasúir, agus le bogthaise an aeir, cuirtear aibiú na buana chun cinn agus cuidítear le húrfhíonta atá lán le siúcra a fháil freisin.

I gcás 'Pineau des Charentes Ile de Ré' agus 'Pineau des Charentes Ile d'Oléron', an aeráid níos aigéanaí, na hithreacha níos éadoimhne agus níos gainmhí a imríonn tionchar ar an gcóras uisce, an struchtúrú a bhaineann le comharchumainn agus cleachtais stairiúla na n-oileán is nithe iad sin a fhágann go ndéantar dáileachtaí talún a bhainistiú agus a roghnú chun úrfhíonta a tháirgeadh ar bhealach atá éagsúil leis an gcaoi a ndéantar é ar an mórthír agus ar bhealach a bhaineann go sonrach leis na hoileáin.

Déantar 'Pineau des Charentes' a aosú i gcoimeádáin darach, cleachtas a mbaineann an-scil leis, rud a léiríonn na cleachtais agus an saineolas a úsáidtear chun an bhiotáille 'Cognac' a tháirgeadh, agus is cleachtas é sin a fhágann gur féidir leis an bhfíon a shainiúlachtaí aramatacha agus blais a fháil agus gur féidir leis feabhas a chur ar na sainiúlachtaí sin.

An ceanglas maidir leis an táirge a phacáistiú sa limistéar geografach, is ceanglas é a bhaineann le cleachtais táirgthe agus leis an traidisiún maidir le 'Pineau des Charentes' a ól sa bhaile. Is é is aidhm dó saintréithe agus sainiúlacht an táirge a chaomhnú, ar táirge é a ullmhaítear de réir modh speisialta agus trí aosú fada, agus fágtar gur féidir inrianaitheacht is fearr agus cigireacht is éifeachtúla a dhéanamh ar an táirge an tráth céanna. Tá an fhoráil sin ag gabháil leis an oibleagáid caipín ráthaíochta nó stampa ráthaíochta arna eisiúint ag an gcomhlacht cosanta agus bainistíochta a ghreamú de gach buidéal. Leanann sí ón riail a leagadh síos chomh luath le 1946 san Fhoraithne maidir le haitheantas a thabhairt don ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint, ar foraithne í lenar cuireadh cúrsaíocht na bhfíonta faoi réir eisiúint deimhnithe blaiste ag saineolaithe áitiúla.

Dá bhrí sin, tá féiniúlacht anois ag 'Pineau des Charentes' ar minic dea-bholaithe treasacha air, ar saintréith é sin d'aosú i gcoimeádán darach. Cé gur lean 'Pineau des Charentes' de bheith ina tháirge a d'óltaí sa bhaile, agus dá bhrí sin nach n-óltaí ach go háitiúil é, ar feadh beagnach 300 bliain, bhain sé fíorcháil amach lasmuigh dá limistéar táirgeachta nuair a tháinig fás air ó thaobh na tráchtála de ag tús an 20ú céad. Sa lá atá inniu ann, déantar thart ar an gceathrú cuid den táirgeadh a mhargú lasmuigh den Fhrainc, ar roinnt ilchríoch, áit a bhfuil cáil 'Pineau des Charentes' ag teacht leis an méadú ar dhíolacháin an táirge féin (Iarthar agus Tuaisceart na hEorpa, Ceanada, etc.).

11. **Tuilleadh ceanglas is infheidhme**

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Aosú agus pacáistiú

An creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais/an mhaolaithe breise

Pacáistiú laistigh den limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

Ní mór na fíonta licéir *rosé* a aosú go dtí an 1 Márta den bhliain tar éis bhliain na buana ar a laghad. Déantar na fíonta licéir dearga a aosú ar feadh 12 mhí ar a laghad, lena n-áirítear 8 mí ar a laghad i gcoimeádáin darach. Déantar na fíonta licéir geala a aosú ar feadh 18 mí ar a laghad, lena n-áirítear 12 mhí ar a laghad i gcoimeádáin darach. Fíonta licéir atá incháilithe chun an téarma '*vieux*' ['sean'] a úsáid, aosaítear iad ar feadh breis agus 7 mbliana i gcoimeádáin darach. Féadfar cumasc de roinnt fíonta licéir a lipéadú mar '*vieux*', ar choinníoll gur aosaíodh na fíonta licéir uile ar feadh breis agus 7 mbliana i gcoimeádáin darach. Fíonta licéir atá incháilithe chun an téarma '*très vieux*' ['an-sean'] nó a choibhéis '*extra vieux*' ['fíorshean'] a úsáid, aosaítear iad ar feadh breis agus 12 bhliain i gcoimeádáin darach. Féadfar meascán de roinnt fíonta licéir a lipéadú mar '*très vieux*', nó a choibhéis '*extra vieux*', ar choinníoll gur aosaíodh na fíonta licéir uile ar feadh breis agus 12 bhliain i gcoimeádáin darach. An ceanglas maidir leis an táirge a phacáistiú sa limistéar geografach, is ceanglas é a éiríonn as na cleachtais táirgthe agus as an traidisiún a bhaineann le 'Pineau des Charentes' a ól sa bhaile ar dtús, agus is é is aidhm dó saintréithe agus sainiúlacht an fhíona a chaomhnú. Ní mór an táirge sin a ullmhú agus úsáid á baint as saineolas sonrach a mhéid a bhaineann le cumasc an fhíona agus lena aosú in adhmad i dtimpeallacht ocsaídiúcháin araon. Ar an gcúis sin, ní ceadmhach an táirge a iompar in aon chor, agus ní mór aon láimhseáil tar éis a aosaithe a bheith teoranta, ionas nach gcuirfear i mbaol na cáilíochtaí a fhaightear trí mhodh táirgthe atá tugtha chun foirfeachta go teicniúil. De bhreis air sin, tríd an bpacáistiú a theorannú don limistéar geografach, feabhsaítear an inrianaitheacht agus éascaítear an chigireacht ar an táirge. Cuirtear na fíonta ar an margadh le haghaidh an tomhaltóra i mbuidéil ghloine lena ngabhann caipín nó stampa ráthaíochta.

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Lipéadú

An creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais/an mhaolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

Féadfar bliain an fhíona a léiriú i gcás fíon licéir má bhaineann 100 % den fhíon le bliain táirgthe an 'Pineau des Charentes'. Féadfar ainm an ainmniúcháin a fhorlíonadh leis na téarmaí '*vieux*' ['sean'] nó '*très vieux*' ['an-sean'] (nó a choibhéis '*extra vieux*' ['fíorshean']) i gcás fíonta licéir a chomhlíonann na coinníollacha táirgthe a leagtar síos le haghaidh na dtéarmaí sin sa tsonraíocht seo. Údaraítear tagairt aoise le haghaidh Pineau des Charentes i gcás ina raibh tréimhse aosaithe 3 bliana iomlána i gcoimeádán darach i gceist. Maidir leis an aois a léirítear, ní ceadmhach í a bheith níos faide ná an fad ama a aosaíodh an táirge i gcoimeádán darach. I gcás fíonta cumaiscthe, is í an aois a léirítear aois na baisce lena ngabhann an tréimhse aosaithe is giorra i gcoimeádán darach.

Féadfar na hainmneacha geografacha forlíontacha 'Ile de Ré' nó 'Ile d'Oléron' a chur i ndiaidh an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint 'Pineau des Charentes' le haghaidh fíonta licéir a chomhlíonann na coinníollacha táirgthe a leagtar síos le haghaidh na n-ainmneacha geografacha forlíontacha sin.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-5d7e4695-8e58-4a4c-b216-a6a790be134e